
*Eagrán 51* *Aibreán 2016*

# Guth Ghoill

**Luach €2**






## Lá Fhéile Pádraig 2016




*Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.*
Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

# Lá 'le Pádraig Na Dúnaibh 2016






Tharla ócáid stairiúil i mbliana nuair a ghlac suas le 15 foilseán soghluaiste agus slua mór páirt i gcéad Mórshiúl Lá 'le Pádraig sna Dúnaibh, tráthnóna an lae mhóir. Bhain achan duine an-sult go deo as agus tá muid uilig fíorbhuíoch do Susan Shuss Nic Giolla Bhríde agus a foireann a d'eagraigh an ócáid ó thús go deireadh. Ár mbuíochas dófa sin a ghlac páirt agus do Martin Fleming a thug cead dúinn na grianghraif seo a fhoilsiú.



## Muintir Uí Bhrollacháin, (Muintir Bhoydie) Gorta Móra.

Tá Barney Bhoydie ag tarraingt isteach ar an chéad bliain d'aois agus duine ar bith a bhfuil aithne acu ar Bharney tuigeann siad go bhfuil feith an ghrinn go smior ann agus é tugtha go maith don diabhlaíocht. Tá suim mhór aige a dhul amach, cúpla leathcheann a bheith aige agus geall a chur ar na beithigh. Níl mórán daoine dá aois ábalta an oiread sin grinn a bhaint as an saol atá thart orthu agus atá Barney. Bhain mé sásamh mór as na huaireanta a chaith mé aige agus é ag dul siar ar a shaol agus leoga is iomaí gáire maith a bhí againn le chéile. Bhí mé ag caint leis ceann de na hoícheanta a raibh faire Phaidí Fenny ar siúl agus ar seisean liom, 'Nach mór an truaighe nach raibh Paidí ábalta fanacht go bhfaigheadh sé an seic mór ó Mhichéal D. Cha dtig liomsa imeacht roimhe sin, amharc an party a bheas agam'. Nach sin an spiorad a choinníonn duine beo agus a bhéarann fad saoil do?

Thig linn a dhul ar ais sa chraobh ghinealaigh go dtí Donchadh Ó Brollacháin, (Denis Bradley) agus bhí an fear seo ina shin-seanathair ag Barney. Níl fhios againn cá air a raibh sé pósta ach tá a fhios againn beirt dá theaghlach, sin Bernard agus Síle. Bernard a bhí ina sheanathair ag Barney agus rugadh é i nGorta Móra timpeall na bliana 1841. Pósadh é thart fán bhliain 1867 ar bhean as na Dúnaibh a raibh Sorcha Ní Shiadhail uirthí. Bhí seachtar clainne acu: Annie (1871), Catherine, Dinis, Daniel, Pádraig (1877), Aindrias (1879) agus James (1882). Pósadh Annie ar Chéarlaí Mac Laifeartaigh ( Chéarlaí Den) as Dumhaigh. Chaith siad a saol i Meiriceá, áit a bhfuil a sliocht beo ann i gcónaí. Pósadh Catherine ar Mhichéal Ó Siadhail as Doire a' Chasáin; chaith Dinis a shaol i Meiriceá fosta, áit a raibh sé pósta ar Mháire Nic Giolla Bhríde agus tá cónaí ar a sliocht ansin i gcónaí fosta; bhí Daniel agus James pósta ar dhá dheirfiúr as Carraic agus ba in Albain a bhí cónaí orthusan; bhi Aindrias pósta ar Mháire Nic Eamharcaigh, ( Mc Cafferty) as Doire a'Chasáin agus chuaigh siad go Meiriceá fosta, bhí athair Bharney sin Padaí Bhoydie pósta ar bhean as Fánaid a raibh Máire Ní Oireachtaigh uirthi, bean as Cosha, ach ba as an Mhuisleac a máthair, ba sin Bríd Nic Giolla Bhríde, iníon le Máire Mhuisleac.



Susan

**Padaí Ó Brollacháin ( Padaí Bhoydie) agus Máire Ní Oireachtaigh.** Bhí Barney ar an ochtú duine den chloigeann déag de theaghlach a bhí ag Paidí Bhoydie agus ag a bhean Máire. Bhí ochtar gasúr agus triúr girseach sa chlann,-- bhí Aindí, Mick, Dinis, Patrick, Máire, Annie,


Dan

Susan, Barney, Dan, Jimmy agus Joe. Tá naonúr acu ar shlí na fírinne ach tá Joe an duine ab óige i mbarr a shláinte i gcónaí agus tá Barney beo beathach ag tarraingt ar an chéad. Fuair Pádraig bás nuair nach raibh sé ach an bhliain agus fiche. Bhí Aindí pósta ar Susanna Friel as Fánaid agus bhí seachtar clainne acu, triúr mac agus ceathrar iníonach; bhí Mick pósta ar Bhidí Frank ( Nic Laifeartaigh) as an Bhaile Úr agus bhí ceathrar mac acu; bhí Máire pósta ar Jim Breen agus bhí beirt mhac acu, fuair Máire bás Meitheamh 16, 1995; bhí Susan pósta i n Dumhaigh ar Chéarlaí Ó Siadhail agus bhí ochtar clainne acu, bhí cúigear mac ( dhá chúpla de ghasúraí) agus triúr girseach sa chlann; bhí Dan pósta i Sasana agus beirt mhac aige, fuair sé bás ar an 26 Eanáir 1992; bhí Jimmy pósta ar Nellie Bhidí Rua ( Nic Laifeartaigh) agus bhí cúigear clainne acu, triúr iníonach agus beirt mhac, fuair sé bás ar an 29 lá de mhí na Samhna 2009; agus an duine ab óige Joe tá sé pósta ar Kathleen Rice agus bhí ceathrar girseach agus beirt ghasúr acu. Fuair Annie bás sa bhliain 1981. Cha raibh Annie, Dinis ná Barney pósta.

## Óige Bharney

Nuair a bhí Barney deich mbliana d'aois fuair a mháthair bás agus deich mí 'na dhiaidh sin fuair a dheartháir Pádraig bás. Cha raibh sé rófhada ina dhiaidh sin gur bualadh buille tubaisteach eile ar an chlann, sin nuair a fuair a n-athair bás. Bhí an chlann fágtha anois ina ndílleachtaí. Thit sé ar Mhick an dara duine ba sine an mhuintir ab óige sa chlann a thógáil.


Barney, 21, i mbláth a óige

Chuaigh Barney go scoil Dhoire a' Chasáin agus chan dúil ró-mhór a bhí aige sa scoil ná bhí saol cruaidh acu agus gríosáil laethúil mar pháirt do shaol na scoile ag an am. Bhí cuimhne aige ar chuid de na daoine a bhí ar an scoil leis fosta ag an am, beirt de mhuintir Den Dhónaí a cháiligh mar mhúinteoirí agus iníon le Séamus Shorcha, bean a raibh Madgie uirthi agus cháiligh sise mar mhúinteoir fosta. Cha shílim go raibh mórán ama ag Barney díthe, casadh í de bliain amháin agus é sa bhaile ar laethanta saoire agus thug sí le fios dó go raibh sise ag barr an ranga nuair a bhí siad ar an scoil. Mheas Barney go raibh sí ag iarraidh a chur in iúl dó go raibh sí níos cliste ná mar bhí seisean. Rinne Barney a sháith gáirí faoi seo. An máistir Mac Fhionnlaoich agus Miss Mc Gill a bhí mar mhúinteoirí i Scoil Dhoire a' Chasáin ag an am. Bhí múinteoir eile ann fosta fán am sin a raibh Miss Haughey uirthi, bhí sí ag stopadh tigh Antoin Rua ach d'éirigh an bhean bhocht tinn agus fuair sí bás.

## Ar fostú.

Cha raibh sé ar dhóigh ar bith tromchroích nuair a tháinig an t-am leis an scoil a fhágáil, bhí lúchair an domhain air. Chaith sé sealanna ansin ag obair thall is abhus. Bhí sé ar fostú thuas i mBaile an Mhullaigh ag Gráinne Dhonaí, Ó hOireachtaigh an sloinneadh ceart a bhí orthu. Bhí an teach taobh le teach Mhuiris Shiosáile. San am sin nuair a bheifeá ar fostú d'fhanfá sa teach fosta agus ba chuma muna mbeadh an teach rófhada ar shiúl, rud a bhí fíor sa chás seo. Cha raibh an obair a bhí le déanamh róthrom, buachailleacht an cúram a ba mhó a bhí air agus timireachtaí beaga thart fán teach. Bhí aige le súil a choinneáil ar dhá bhó bhainne agus roinnt ainmhithe óga. Cha raibh blí ar bith le déanamh aige. Sé mhí a chaith sé ann agus leoga gan mórán de luach saothair as. Mheas sé go raibh sé aistíoch an dóigh a raibh an talamh rannta amach, bhí darna achan chuibhreann idir Muiris Shiosáile agus Gráinne Dhonaí. Ansin thíos faofa bhí sé mar an gcéanna idir Séamas Shorcha agus Den Shúsí. Ba chuimhin leis a bheith 'na luí ar an fhéar lá amháin, é ag buachailleacht agus tháinig Séamas Shorcha fhad leis agus chuaigh siad i mbun comhrá. Ba ghnáth le Séamus suí agus scéalta a inseacht do Bharney. Dúirt Barney go dtug Séamas comhairle iontach dó lá amháin acu seo. Dúirt sé le Barney, ' beidh tusa ag imeacht trasna fá cheann cúpla bliain agus ceann de na laethibh sin beidh tú ag siúl síos taobh na sráide i gcuid de na bailte móra sin. Anois tá mise ag tabhairt comhairle duitse, má fheiceann tusa comhartha in airde áit ar bith go bhfuil ólachán le díol i dteach leanna nó i dteach de chineál ar bith amharc thusa trasna an bhealaigh go dtí an taobh eile agus siúl leat thairis'. Shíl Barney gur chomhairle iontach a bhí ann don té a leanfadh é! Bhí daoine eile ar nós Nead Shorcha agus Micí Shorcha fán cheantar fosta, scríobh Micí Shorcha alt don Derry Journal achan seachtain agus bhí ceird ag a dheartháir Nead mar 'Cooper' sé sin ag déanamh bairillí adhmaid. Bhí feidhm mhór leofa sin nuair a bhí an iascaireacht i mbarr a réime fá na Dúnaibh agus bhí cuid mhór 'coopers' fán cheantar. Ba ghnáth le Nead Shorcha imeacht leis go

Yarmouth do shéasúr na scadán, d'imeodh scaifte mór achan bhliain don ghuttáil. Bhíodh Nead mar cheann urraidh orthu, bhíodh sé ag coinneáil súil go raibh an guttáil agus an pacáil déanta i gceart agus go gcuirfí salann orthu. Chuirfeadh seisean a shéala (seal) orthu ansin, ar bharr agus ar thóin an bhairille. Triúr a bhíodh ag obair le chéile ag an ghuttáil, beirt ag guttáil agus duine eile ag pacáil. Chaithfeadh Nead a chinntiú nach mbeadh dream ar bith ag glacadh aicearra.

Bhí cuid mhór airneáil ag dul ar aghaidh sna tithe le linn na mblianta a raibh sé ag éirí aníos agus ba mhinic a bhíodh siad ina suí ag éisteacht le daoine ag inseacht scéalta fá thaibhsí. Dúirt sé nach bhfaca sé fhéin taibhse ariamh ach go díreach an ceann a fuair greim coise air oíche amháin agus é ar an bhealach 'na bhaile as teach faire. Aindí Dinis Aindí ( Mac Laifeartaigh) a bhí marbh. Char fhág Barney an teach faire go lár na hoíche, rud a bhí coitianta go leor san am sin. Bhí sé ar a chuid fhéin. Mar a dúirt Barney é fhéin bhíothas ag feiceáil taibhsí achan áit san am sin. Shocraigh sé ina intinn go siúlfadh sé an bealach thart fán Bhaile Úr in áit a bheith ag glacaint aicearra. Ach bhí eagla a sháith air fosta, bhí cuid de na scéalta fá thaibhsí ag teacht ar ais chuige agus lena chois sin bhí sé i ndiaidh teach faire a fhágáil. Idir achan rud shocraigh sé go ngearrfadh sé an aicearra fríd chuibhreann Shéarlaí John Nochaidh suas fhad lena theach fhéin. Bhí sé ag déanamh a bhealach go breá suas ar na carraigeacha faoin teach nuair a fuarthas greim coise air agus thit sé ar a dhá ghlún, cha ligfeadh an eagla dó bogadh. Mheas Barney é fhéin go raibh sé mar sin ar a dhá ghlún i ndeas de chúig bhomaite sula raibh sé de mhisneach aige a lámh a chur síos go bhfeicfeadh sé caidé'n greim a bhí ar a chois. 'S an rud a bhí ann ná go raibh a chois gabhta i ndol a bhí curtha ag duine inteacht le greim a fháil ar choiníní! Bhí sé báite ina chuid allais fán am seo ach ba mhór an faoiseamh a fuair sé nuair a chonaic sé nach raibh lámh thart fána chois!

Sular imigh sé go hAlbain chaith sé tréimhse ag obair leis an Chomhairle Contae fosta, ba ghnáth leis a bheith ag cartáil dóibhtha le beathach agus cairt. Thaitin an obair leis ach cha raibh an t-airgead mór agus bhí ceann urraidh nó dhó nár thaitin mórán leis ach oiread.

## An Chéaduair in Albain.

Dhá bhliain agus fiche a bhí sé nuair a chuaigh sé go hAlbain ar dtús, sin sa bhliain 1942, leath bealaigh fríd an dara cogadh. Chaithfeá ceadúnas oibre ( sin work permit) a fháil le linn an chogaidh sula n-imeofá. Seo socrú a rinne De Valera leis an Bhreatain sa dóigh is nach dtiocfaí Éireannach ar bith a thógáil thall agus a chaitheamh isteach san airm. Chaithfeá cur go Baile Atha Cliath fá choinne do cheadúnas, bhí sé cosúil le bheith a' fáil pas.(passport). Bhí do phictiúr ar an phas agus tá cóip de phas Bharney leis an alt seo. Bhí oibrithe a dhíth thall de thairbhe an méid sin fear óg a bheith ar shiúl sa chogadh. Ach fear ar bith a rachadh anonn ar a chonlán fhéin, gan an ceadúnas, thiocfaí é a thógáil am ar bith agus a chaitheamh isteach san airm. Chaithfeá an ceadúnas a fháil stampáilte i mbeairic na bpóilíní thall achan chúpla mí.

Ba go Aberdeen a chuaigh Barney an chéaduair a chuaigh sé anonn go hAlbain. Ba seo an áit a raibh an obair ag fanacht leo. Bhí coistí i Sasana agus in Albain ag socrú cá háit a gcuirfí na fir uilig as Éirinn, a rachadh anonn, amach ag obair. Chuaigh scaifte maith as an áit anonn ag an am ach b'iad Paidí Shíle, Aindí Eoin as Dumhaigh agus Pádraig Nonny as an Chorrach a bhí ina chuideachta ar fheirm a raibh an obair leagtha amach dóibhtha. Bhí cónaí orthu i gcarrabhán ar an fheirm, áit ar chodlaigh siad agus ina bhfuair siad a gcuid béilí. Obair dhraenála ba mhó a bhí a dhéanamh acu, ag glanadh talaimh le go dtiocfaí tuilleadh barraí a chur ann. Bhí Paidí Shíle ag tarraingt ar na deich mbliana agus trí scór ag an am sin ach char chuir an obair mhaslach isteach nó amach air ach ba seo a thuras dheireanach ar Albain. Nuair a bheadh siad réidh ar fheirm amháin thiocfadh an tarraiceoir seo thart agus bhéarfadh sé an carrabhán ar shiúl go dtí cibé feirm eile a mbeadh obair dóibh ann. Bhíodh siad ag aistriú thart ó fheirm go feirm. Bhí sé thall sé mhí don chéad turas seo agus shocraigh sé a theacht 'na bhaile don Nollaig, é fhéin agus Paidí Shíle. D'fhan sé sa bhaile go raibh sé istigh i mí Eanáir, chuir sé a leabhar pas go Baile Atha Cliath agus nuair a tháinig sé ar ais chonaic Barney nach go Aberdeen a bhí a thrial an iarraidh seo ach go Ross Shire atá ar chósta thiar thuaidh na hAlban.

## I Ross Shire.

Triúr as an cheantar a bhí le dhul le chéile, Jimí 'a Canainn, John Shéarlaí Shéimí ( Mac Laifeartaigh) agus Barney. Bhí cuimhne mhaith ag Barney ar an turas go Ross Shire de thairbhe go bhfuair siad síob (lift) ar lorraí fhoscailte píosa maith den bhealach. Bhí John agus Jimmí 'na shuí taobh istigh in aice leis an tiománaí áit a raibh siad breá te ach bhí ar Bharney suí amuigh i gcúl an lórraí faoin tarphól

(tarpaulin) agus mar a dúirt sé fhéin agus é ag gáirí, chan tuaisceart na hAlban an áit is teo sa domhan i mí Eanáir, bhí an fhuacht polltach agus é sioctha go maith nuair a bhain siad Ross Shire amach. Chaith siad cúig seachtaine ag obair le hinneall buailte ag bualadh coirce ag feirmeoirí. Nuair a bhí sin thart shocraigh an coiste thall iad a bhriseadh suas, 'sé an socrú a bhí déanta acu ná go rachadh Barney agus Jimmí 'a Canainn ag feirmeoir amháin agus go gcuirfí John Shéarlaí Shéimí chuig feirm eile le aire a thabhairt d'ainmhithe a bhíothas ag fáil réidh do scian an bhúistéara. Cé gur obair thaobh istigh a bhí le bheith ag John agus nach mbeadh le déanamh aige ach bia a choinneáil le hainmhithe a bhí coinnithe istigh le linn an Gheimhridh cha raibh sé leathsháste leis an socrú a bhí beartaithe agus cha ghlacfadh sé leis agus nuair nach raibh dóigh amach as rinne sé suas a intinn a theacht 'na bhaile, rud a rinne sé. Bhí na hoibrithe i gcónaí faoi smacht ag an cheadúnas oibre agus ag an choiste.

## Aberdeen agus Dún Éidean. (Edinburgh)

Cha raibh Barney ná Jimmí sásta ach oiread nuair nach dtabharfadh an coiste isteach an triúr acu a choinneáil le chéile agus de thairbhe sin shocraigh Barney agus Jimmí neamhaird a dhéanamh dá gcuid rialacha agus thug siad aghaidh ar Aberdeen áit a raibh athair Jimmí a' Canainn ag obair. Bhí neart oibre fán áit a raibh athair Jimmí agus chuaigh siad i gceann oibre. Bhí siad ansin ceithre lá nuair a chuaigh na ceadúnais oibre (work permits) isteach sa tsiopa fá choinne a gcuid cártaí ciondála ( ration cards) a fháil. Tugadh faoi deara ansin nach raibh Barney ná Jimmí san áit ar chóir dóibh a bheith ar chor ar bith agus dúradh leo go gcaithfeadh siad a dhul ar ais go Ross Shire, sin nó a dhul 'na bhaile. Bhéarann seo barúil mhaith dúinn ar an tsúil ghéar a bhíothas a choinneáil ar chúrsaí oibre agus ar na hÉireannaigh thall. Cha raibh dóigh ar bith a raibh Barney ná Jimmí chun dhul ar ais go Ross Shire agus mar sin de thug siad aghaidh ar Ghlaschú áit ar chaith siad an oíche ar lóistín sna Gorbals ag Micí a' Canainn agus an lá 'na dhiaidh sin bhuail siad an bealach go Dún Éidean ( Edinburgh) áit a bhfuair siad obair ag feirmeoir píosa taobh amuigh den chathair. Ach arís nuair a fuair bean a' tí na cártaí ciondála lena gcuid bidh a fháil chonaic sí nárbh sin an áit gur cheart dóibh a bheith ann agus chuir sí fios ar bheairic na bpóilíní. Tháinig Príomh Chonstábla na bpóilíní amach go dtí an fheirm agus chomhairligh sé dóibh a dhul ar ais go Ross Shire nó a dhul 'na bhaile. Shíl Barney go raibh an Príomhchonstábla breá cothrom leo, d'fhiafraigh sé dóibhtha ansin an raibh luach a bpasáiste na bhaile acu. Bhí airgead ag Barney agus ag Jimmí ón chúig seachtaine oibre a bhí déanta acu ach d'inis siad don Phríomhchonstábla nach raibh leathphingin acu, iad ag déanamh go mbfhéidir go bhfaigheadh siad luach an phasáiste 'na bhaile uaidh. D'inis sé amach díreach dóibh dá mbeadh aige le díol as a bpasáiste 'na bhaile go mbeadh sé a ndíbirt amach as an tír agus nach bhfaigheadh siad ar ais go mbeadh an cogadh thart. Chomhairligh sé dóibh lá oibre a dhéanamh thall is abhus ar a mbealach go Glaschú agus go mbeadh luach a bpasáiste saothraithe acu nuair a bhainfeadh siad ceann scríbe amach.

## Sa bhaile arís.

D'imigh Barney agus Jimmí ag tarraingt ar Ghlaschú agus dar ndóigh cha raibh orthu laethanta oibre ar bith a dhéanamh ar an bhealach mar go raibh cúpla punt ina bpóca i gcónaí ón obair a bhí déanta acu. Fuair siad an bád i nGlaschú ar Lá 'Le Pádraig, an seachtú lá déag de Mhárta 1943. Bhí siad sa bhaile ar an ochtú lá déag agus gan iad ar shiúl ach na sé seachtaine nó mar sin.
Cha raibh sé furasta a theacht 'na bhaile agus gan iad ar shiúl ach tréimhse comh gairid sin, bhí siad 'na ábhar magaidh ag an phobal, achan duine ag cur ceiste cad chuige a dtáinig siad 'na bhaile agus gan iad ar shiúl ach tamall goirid. Char thuig daoine an córas oibre a bhí ann thall agus cha raibh mórán maitheasa a mhíniú dóibh, cha raibh sé ach ag déanamh an scéal ní ba mheasa. Rinne Barney cuid mhór gáire faoin eachtra seo. Nuair a d'imigh sé ar ais i ndiaidh trí mhí a chaitheamh fán bhaile mhionnaigh sé nach mbeadh sé ar ais a choíche arís i ndiaidh sé seachtaine. Chuir sé a cheadúnas oibre go Baile Atha Cliath arís agus nuair a tháinig sé ar ais chonaic sé gur Aberdeen a cheann scríbe uair amháin eile.



Joe, Barney & Jimmy

## Ar ais in Aberdeen

Chaith Barney sé bliana as na blianta ar fad a chaith sé thall ag obair in Aberdeen. Dúirt sé fhéin go raibh dúil mhór aige sa cheantar agus i bhflaithiúlacht agus i gcairdeas na ndaoine. Ba in Aberdeen, a dúirt sé, a casadh na daoine ba deise air a casadh dó thall. Bhí obair gann go leor i ndiaidh an chogaidh agus chaith sé tréimhsí ansin ag obair ag an ghuttáil agus d'fhan sé i 'model' a bhí ansin fosta. Bhí an saol, ag an am, dian go leor, cha raibh an 'model' i gcónaí ar an chuid ab fhearr, scaifte fear caite isteach ar mhullach a chéile agus ag

achan fhear le súil ghéar a choinneáil ar cibé a bhí aige. Bhí orthu a bheith amuigh ag an láthair ghuttála ag a sé a chlog ar maidin, dhá uair oibre le bheith déanta, glanadh suas agus ullmhúchán, sula dtosódh an guttáil ar chor ar bith. Bhí triúr ar achan fhoireann, beirt ag guttáil agus an duine eile ag pacáil agus lean an obair sin ar aghaidh go dtí a cúig a chlog tráthnóna. Ba mhinic a bhíodh siad stiúctha leis an ocras. Chaithfeadh siad a gcuid béilí fhéin a ullmhú sa mhodel. Bhí sé sa mhodel oíche amháin le linn an chogaidh nuair a d'imigh an bonnán (siren) ach char mhothaigh Barney é ar chor ar bith agus chodlaigh sé leis go maidin. D'imigh achan duine eile chuig foscadh faoi thalamh agus cha raibh i mbéal na ndaoine an lá ina dhiaidh sin ach caint faoin phléascadh, char chuir sé isteach nó amach ar Bharney! Chuirfeadh an comhlacht lena raibh sé ag obair ag an ghuttáil iad síos go Yarmouth corruair fosta. Dhíoladh an comhlacht a mbealach síos agus théadh sé fhéin agus John Frank (Ó Buaidhe) as Dumhaigh síos. Ba mhinic a chastaí daoine as an bhaile dó i Yarmouth. Cha raibh mórán de luach saothair aige as a bheith ag guttáil, 'agus leoga' dúirt sé ' ba ghnách le níos mó airgid a bheith liom go Yarmouth ná bheadh liom ar ais'. An tréimhse deireanach a chaith Barney in Aberdeen tháinig a dheartháir Jimmy aníos as Ayrshire agus chuaigh an bheirt acu i mbun oibre le chéile, iad ag glacaint obair dhraenála ar chonradh.

## Londain.

Nuair a d'imigh Barney san am sin bhí an cogadh thart go maith sula dtáinig sé 'na bhaile arís. D'imigh sé go Londain timpeall na bliana 1949 agus chaith sé bunús a shaoil sa chathair seo ag dul d'obair thógála. Chaith sé corradh agus ceithre bliana déag ag obair le Mc Alpine. Chaith sé tréimhse fada ag obair ar na h-óstáin úra a tógadh amuigh fán Aerfort agus d'oibrigh sé trí bliana go leith ar an fhorbairt mhór a rinneadh ag Covent Garden. D'oibrigh siad ar bhanc mór de chuid na Yankees fosta agus deir Barney nach raibh dóigh ar bith a dtiocfadh le duine ar bith briseadh isteach ann leis an méid iarann, crua ( steel ) agus stroighin a cuireadh sna ballaí!

Bhí Londain lán d'Éireannaigh san am sin agus mar a dúirt sé fhéin bhí cuid acu ramhar sa réasún go maith. Bhí scaifte mór d'Éireannaigh ag obair le Mc Alpine fosta. D'fhan sé ar shiúl ag obair tréimhsí níos faide le linn na mblianta seo ach ag deireadh a chuid laetha ba ghnáth leis a theacht 'na bhaile níos minicí. Chonaic sé athruithe móra fán cheantar achan uair a dtabharfadh sé ruaig anall. Bhí tithe úra ag dul suas chuile áit agus dar ndóigh bhí ré na dtithe ceann tuí a bhí ansin le linn a óige imithe ar fad.

## Rhodesia.

Cha deachaigh Barney go Rhodesia mar a rinne a dhearthaireacha. Ba Dinis an chéad duine den chlann a chuaigh amach, chuaigh sé amach leis an chomhlacht lena raibh sé ag obair leis thall i Londain, le tithe a thógáil. Tamall ina dhiaidh sin thug Jimmy a aghaidh amach fosta. Ba seo i ndiaidh an chogaidh. I ndiaidh cúpla bliain thug siad aghaidh ar na mianaigh copair agus ba anseo a chaith siad tréimhse ó dhá bhliain déag go ceithre bliana déag. Bhí copar gann i ndiaidh an chogaidh agus de thairbhe sin bhí luach ard air agus bhí díolaíocht na bhfear bunaithe ar cibé luach a bhí an copar ar an mhargadh. Dhéanfaí poll síos sa talamh tuairim is céad troigh, ansin ghearrfaí tollán faoin talamh agus dá dtiocfaí ar chopar chaithfí socrú ar dtús ar bhfiú tús a chur lena fhorbairt. Áit a mbeadh mianach thógfaí tithe agus dheamhan i bhfad go mbeadh baile ann. Chuaigh a ndeartháir Joe amach fosta agus chaith seisean tuairim is sé bliana amuigh ansin. Nuair a bhí na blianta caite acu amuigh ansin tháinig Joe ar ais go Londain agus chuaigh Jimmy go Meiriceá. Thosaigh Jimmy ag obair i dtús báire thíos in Panama. Cha raibh mórán dúil aige sna daoine ná sa cheantar a bhí ansin agus thug sé a aghaidh ar New York áit ar chaith sé tréimhse mhaith dá shaol. Tháinig Dinis ar ais go Londain fosta, cheannaigh sé teach agus rinne sé athchóiriú air. Bhí Geimhreadh iontach fuar i Londain an bhliain sin agus char thaitin an fhuacht le Dinis i ndiaidh na blianta a bhí caite aige i dteas na hAifrice. Dhíol sé an teach agus d'imigh sé leis go dtí an Astráil. Chuir sé faoi i bPerth. Bhí sé de ghnás aige a theacht 'na bhaile achan dara bliain. Thiocfadh sé 'na bhaile i mí Aibreán agus d'imeodh sé arís i mí Dheireadh Fómhair.



**Dinis**

## Báthadh Mick

I mí Eanáir 1963 bhí Barney i Londain nuair a tháinig scéala gur bádh a dheartháir Mick. Bhí sé ar cuairt ag a dheirfiúr Annie agus bhí sé tuairim is leathuair sa teach nuair fuair sí scairt gutháin. Lig Annie scread aisti agus thit an guthán as a cuid láimhe, scéala a bhí ann óna deirfiúr in Albain gur bádh Mick. D'iarr Barney uirthi ciall a bheith aici, go mbfhéidir nach raibh a dhath de. Chuir siad scairt ansin ar a ndeartháir Joe a bhí in Londain fosta, bhí Dinis ag stopadh ag Joe áit a raibh sé ar a bhealach ar ais go dtí an Astráil i ndiaidh dó tréimhse a chaitheamh sa bhaile. Cha raibh scéala ar bith

faighte acusan agus chuir Caitlín, bean Joe scairt ar theach tabhairne Mhicí Sophie áit a ndearnadh an scéala tubaisteach a dheimhniú dóibh. Tráthnóna Dé Domhnaigh a bhí ann agus bhí deacrachtaí móra acu socraithe a dhéanamh le theacht 'na bhaile as siocar go raibh Sasana faoi bhrat trom sneachta agus cha raibh eitiltí ar bith isteach nó amach go dtí na haerfoirt. Shocraigh Barney agus Joe go

bhfaigheadh siad an traein go Glaschú ag a hocht a chlog an tráthnóna sin agus go dtiocfadh siad anall ar an bhád, bhí a ndeartháir Aindí ar an bhád chéanna. Fuair siad traein isteach go Doire agus an bus 'na nDúnaibh, bhí Den Phaidí Shíle ag fanacht ag na Dúnaibh le iad a thabhairt síos 'na bhaile. Tháinig Dinis anall an lá 'na dhiaidh sin, bhí air a thuras go dtí an Astráil a chur ar ceal i dtús báire. Chuir sé isteach go mór ar Bharney ag an am gur bádh Mick de thairbhe gurb é Mick a thóg an chuid ab óige den chlann, é fhéin san áireamh, i ndiaidh bás a dtuismitheoirí. Tógálaí den scoth a bhí in Mick agus tá lámh a cheirde fágtha aige ar a theach fhéin comh maith le neart tithe eile thart fán cheantar.

## Bás Dinis

Chuir Barney ceist ar Dinis oíche amháin sular imigh sé ar ais go dtí an Astráil i ndiaidh dó a thréimhse a bheith déanta aige sa bhaile, cá huair a bheadh sé ar ais agus 'sé an freagra a fuair sé ná go mbeadh sé ar ais fá cheann cúpla bliain. Ach chan sin a bhí i gceist ag Barney, bhí Barney ag iarraidh fáil amach cá huair a bheadh sé ar ais le fanacht. Dúirt sé le Barney nach raibh rún ar bith aige theacht le fanacht go ceann tamaill fhada, go raibh sé rófhuar agus rófhliuch anseo, gur thaitin an aimsir i bhfad níos fearr leis san Astráil. Ach an chéad turas eile a thug Dinis 'na bhaile as an Astráil, ba sin i 1995 fuair sé bás go tobann ar an séú lá fichead de mhí an Mheithimh.Chaith Aindí bunús a chuid ama in Albain, bhí a áit chónaí i bPaisley. Tháinig sé 'na bhaile le linn an chogaidh agus chaith sé tréimhse fada sa bhaile.



Mick

## Barney agus Cheltenham


Luaigh mé ag tús go raibh suim mhór ag Barney sna beithigh agus is cinnte go bhfuil sé breá eolach orthu fosta. Bhuel níl rásaí móra Cheltenham i bhfad uainn anois agus seo a scríobh. Tá súil agam go mbeidh seachtain mhaith aige agus go ndéanfaidh sé a shaibhreas más féidir sin a dhéanamh ar bheithigh. Bhain mé sásamh mór as na laethanta a chaith mé ag caint leis agus tá súil agam go bhfuil blianta fada folláin roimhe go fóill. Agus más féidir le greann agus diabhlaíocht saol fada a thabhairt do dhuine mairfidh Barney blianta fada eile.



Andy



Annie, Mary agus Jim Breen


F 14517

CÁRTA CEADÚNAIS TAISTIL.
TRAVEL PERMIT CARD.

CRUN TAISTIL IDIR ÉIRE AGUS AN RÍOGHACHT AONTUIGHTHE AMHÁIN.
FOR TRAVEL BETWEEN IRELAND AND THE UNITED KINGDOM ONLY.

ÉIRE.

Ainm an tSealbhóra
Name of Holder

---

Tá 24 leathanach sa leabhrán so.
This booklet contains 24 pages.

1

[MI]ON-INNISTE FÁN tSEALBHÓIR.
PARTICULARS OF HOLDER.

Ainm an tSealbhóra / Name of Holder: Bernard Bradley
Uathshloinne / Maiden Name: —
Gairm / Occupation: Migratory worker.
Áit bheirthe / Place of Birth: Co. Donegal.
Dáta beirthe / Date of Birth: 6th September, 1919
Seoladh baile / Home Address: Gortamore, Downings, Co. Donegal.
Náisiúntacht an tSealbhóra / Nationality of Holder: CITIZEN OF IRELAND
Áit agus dáta a thabhartha amach / Place and date of issue: BAILE ATHA CLIATH 17 APR 1942 DUBLIN

Caillfidh an cárta ceadúnais taistil seo a éhifeacht ar an
This travel permit card expires on the
17 APR 1943
muna ndeintear é d'athnuachaint roimhe sin.
unless previously renewed.

---

3

GRIANGRAF / PHOTOGRAPH.
STAMPA / STAMP.

Sighniú an tSealbhóra / Signature of Bearer: Bernard Bradley

LEANBHAÍ. / CHILDREN.

| Ainm / Name | Aois / Age | Innscne / Sex |
| --- | --- | --- |

An Cárta Ceadúnas Taistil a bhí riachtanach d'oibrithe le bheith ag obair sa Ríocht Aontaithe i rith an chogaidh.



**Seo pictiúr de Mháire Mhaisleac, sinseanmháthair Barney. Rugadh í sa bhliain 1836 agus glacadh an grianghraf seo taobh amuigh den teach thuas ar an Mhaisleac ag tús na 20ú aoise**

# An Seachtar a Shínigh

Pádraig Mac Piarais | Tomás Ó Cleirigh | Seán Mac Diarmada | Éamann Ceannt | Séamas Ó Conghaile | Seosamh Ó Pluincéid | Tomás Mac Donnchú



**Is glas an féar ar uaigh na laoch,**
**A gcuimhne glas inár gcroí,**
**Cé fada anois atá siad faoin chré**
**Go suaimhneach ina luí**
**Mac Piarais uasal, treoraí tréan,**
**Ó Cléirigh sean Fhínín**
**Mac Donnchú, thug grá don léann**
**Is Pluincéid, file binn.**

**Ó Conghaile a throid go dian,**
**Ina chroí bhí misneach leoin.**
**Mac Diarmada an gháire mhín,**
**Is Éamann Ceannt an cheoil.**

**Ca bhfuil na Sasanaigh a dhaor**
**Ár Seachtar Laoch chun báis?**
**Chuaigh ar ceal mar cheo nó ghaoth,**
**Gan ainm, chlú ná cháil.**

**Ach mairfidh cáil ár Seachtar Laoch**
**Gan dul in éag go brách.**
**Is orthu roinnfidh Cine Gael**
**A n-urraim is a ngrá.**





# Réalta na Féile Scoildrámaíochta 2016

Comhghairdeas agus ádh mór leis na Naíonáin atá fríd go dtí Babhta Ceannais Scoildrámaíochta na hÉireann! Comhbhrón leis na ranganna eile a rinne éacht ar stáitse an Ghrianáin i Leitir Ceanainn.
Ár mbuíochas do Francie agus a fhoireann agus do na tuismitheoirí uilig a chuir tréan-iarracht isteach.






# Dónall Ó Dochartaigh

An chéad lá riamh a deachaigh Dónall Ó Dochartaigh amach leis an phost i gCarraig Airt, i mí Eanáir, 1975, chosain pionta Guinness 27p, ba é Liam Cosgrave Taoiseach na hÉireann, bhí na Swarbriggs mar ionadaithe d'Éirinn sa Eurovision agus chosain stampa 12p ! -Roimhe sin bhí Dónall, ag obair i Sasana, macasamhail a lán eile, agus leoga cha raibh mórán dúil aige ann ach oiread. Chan cúis iontais ar bith sin d'fhear a chaith bunús a chuid ama ar an fheirm agus ar an phortach. Mar a tharla, bhí sé sa bhaile fá choinne laetha saoire na Nollag agus é réidh le pilleadh ar Shasana, nuair a chuaigh sé fhad le teach tábhairne Uí Lúdhóg i gCreamhghoirt fá choinne oíche cheoil an oíche Dhomhnaigh seo. Bhí a chara agus a chomharsa Andy Mac Pháidín, grásta Dé air, a bhí ina fhear poist é féin, i mbun an cheoil agus d'fhiafraigh sé de Dhónall an raibh sé ag fanacht i bhfad sa bhaile. D'fhreagair Dónall go raibh air pilleadh go Sasana gan mhoill ach gur b'fhearr leis fanacht sa bhaile dá mbeadh a rogha aige. Ansin d'inis Andy dó go raibh agallaimh ar siúl an Mháirt dar gcionn fá choinne fear poist i gCarraig Airt. Chuir Dónall isteach faoina choinne agus b'in mar a thosaigh an scéal.

Ba é an rothar an t-aon chóras taistil a bhí ar fáil ag an am ach ghlac Donnelly a charr fhéin leis ar feadh an chéad sé mhí agus ansin chuir An Roinn Poist agus Teileagrafa veaineanna ar fáil dóibh. Thuig sé go maith ansin an fáth nach raibh mórán ráchairte ar an jab seo cionnas go raibh trí phunt is fiche aige mar luach saothair ag deireadh na seachtaine! Ba phost páirt-aimseartha a bhí i gceist faoin tráth seo ach nuair a d'éirigh Mánas a Phoist, grásta Dé air, as a phost thart fá 1979 nó 1980, thosaigh Donnelly i mbun oibre go lán-aimseartha sna Dúnaibh, chomh maith le cuid de Charraig Airt. Is iomaí cor a chuir an saol de ó shin agus is iomaí míle a chuir Donnelly de sna daichead bliain idir 1975 agus 2015. Is beag lá nach ndearna sé a bhealach leis na litreacha agus na beartanna, fiú amháin in aimsir na seacht síon, cé go raibh air iasacht tarracóra a fháil uair nó dhó le fáil fhad le Gleann Iúraí in am a tseaca! Ní raibh mórán dúil ag fir poist sna hOlltoghcháin ná sna toghcháin áitiúla ach oiread nó leoga, níl go fóill, de bharr ualaigh na hoibre breise. Ach ba lú i bhfad a ndúil i naimhde thraidisiúnta fhir poist – an madadh crosta!

An lá seo, bhí Donnelly ag tarraingt ar theach áirithe i bparóiste Mhíobhaigh, agus é breá airdeallach fá mhadadh an tí seo. Bhí rabhadh faighte aige i bhfad roimhe sin ó bhean a' tí í féin, a chomhairligh dó súil ghéar a choinneáil ar 'Rex' nó cibé diabhal ainm a bhí air. Cibé ar bith agus Dónal ar a bhealach suas an cabhsa, mhothaigh sé an grúscán uafásach agus chonaic sé an madadh droch-bhéasach seo ag nochtadh a chár go cúl a chraois. Ba léir dó go raibh sé san fhaopach i gceart agus d'amharc sé thart air go géibheannach. Ach ní ag cur a chuid ama amú ar scoil a bhí sé agus é ag éisteacht le Enda ag insint scéal Setanta. Chonaic sé stodaire (paling stab) breá tiubh ina luí ansin. I ndáiríre ní gnáth-stodaire a bhí ann ach ceann ar a dtugtar 'strainer'. Thóg sé é chomh tiubh géar agus a bhí ar a chumas agus ar nós Chú Chulainn sa tsean-am, bhuail sé an madadh sa tsoc, díreach in am sular ionsaíodh é. Fágadh an madadh bocht ina luí ar shlat a dhroma gan



Údarás na Gaeltachta

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com


aithne, gan mhothú! Bhuel, fuair Donnelly bocht léasadh teanga den chéad scoth ó bhean a' tí ach mar sin féin, cheannaigh sí bocsa litreach a d'fhág sí amuigh ar an gheafta ina dhiaidh sin agus dúirt sí leis go raibh sí buartha faoin eachtra mhí-ádhmharach sin.

Is é an sainmhíniú atá ar fhear poist nó ar bhean poist ná 'duine a fhostaítear chun litreacha agus beartanna a bhailiú agus a thabhairt amach'. Anois chomhlíon Dónall Ó Dochartaigh na tascanna seo agus chomhlíon sé iad go héifeachtach. Ach ní féidir moladh ard go leor a thabhairt do ról fhir poist i dtuath Éireann i láthair na huaire, go háirithe mar gheall ar na ciorraithe a rinneadh ar na seirbhísí pobail le déanaí. Mar sin, ní fear a' phoist amháin ab ea Donnelly: B'oibrí sóisialta é; ba chomhairleoir é; ba shíceolaí (psychologist) é; b'oibrí pobail é; b'fhear slándála (security man) é ; ba theachtaire é; ba chomhfhreagraí nuachta ( news correspondent) é; b'éascaitheoir (facilitator) é; ba Ghaeilgeoir agus ceoltóir den chéad scoth é agus thar achan rud eile, ba chroí na féile agus ceartlár na céille é.


Ar na laethanta deireanacha agus é ag dul thart leis na litreacha, dúirt sé go raibh sé ina phléisiúr aige na litreacha a thabhairt amach ar feadh na mblianta fada sin.


Ba linne an pléisiúr, im' thuairim-se, mar b'iomaí lá gruamach a gheal sé lena ghuth agus a mheon gealgháireach. Tá mé cinnte go n-aontóidh achan duine sa pharóiste linn nuair a ghuíonn muid gach rath air agus go raibh saol sona suaimhneach roimhe fhéin agus a theaghlach agus tá súil againn nach músclóidh cnag fhir poist ar an doras é ró-luath ar maidin !





Caithfidh sé nár chuala Donnelly faoin seanfhocal thíos sular ionsaigh an madadh é !





# Siún Nic a' Bháird

Thosaigh Joan Nic a Bháird ag obair in Oifig Poist Na nDúnaibh an bhliain chéanna a bhain Na Dúnaibh Craobh Sóisearach na hÉireann i gComórtas Peile na Gaeltachta, - 1981. Faoi stiúir an Mháistreása Poist Cáit Uí Lúdhóg, níorbh fada gur fhoghlaim sí cuid de na scileanna a bheadh de dhíth uirthi ar feadh na mblianta a bhí roimpi agus ghnóthaigh sí taithí luachmhar a bhain le achan ghné de ghnó Oifig an Phoist, a sheasódh di sna blianta os a comhair.

Níorbh ionann Oifig Poist an ré sin agus Oifig Poist an lae inniu mar bhí siopa sa tsean-oifig agus leoga, d'fhéadfá rá gur siopa éisc a bhí ann in amanna fosta! Bhí gnó éisc rathúil faoi lánseol ag Dan Ó Lúdhóg ag an am sin agus ba mhinic a cuireadh na hordaithe isteach san oifig seo agus ba mhinic a tógadh na héisc ón láthair chéanna! Mar sin, ní minic a bhí Joan díomhaoin.

Bhí an córas teileafóin rud beag difriúil an uair sin fosta. Nuair a amharcann tú siar air anois, chuirfeadh sé thú ag smaoineamh ar 'The Olde Curiosity Shop' le Charles Dickens! Beidh cuimhne ag cuid agaibh ar an lasc-chlár (switchboard) agus na cáblaí a chaithfeá cur isteach agus a bhaint amach ag tús agus deireadh achan ghlaoch teileafóin. Agus ní rud é gur chríochnaigh an lá ag 5.30 ach oiread mar ba mhinic a d'oibrigh sí ní ba mhoille ar an lasc-chlár chéanna. Bhí gnó lóistín rathúil á reáchtáil ag Cáit le linn na mblianta seo fosta agus rinne sí suas a hintinn go n-éireodh sí as sa bhliain 2002. Ní raibh leisce ar bith uirthi Joan a mholadh do phost an Mháistreása Poist, rud a bhí Joan an-bhuíoch di as.

Mar sin, bhog sí go dtí an áit ina bhfuil an Oifig inniu, i dtigh Bhrollacháin. Ba anseo a bhuail sí leis an darna dúshlán mór dé chóras oibre Oifig an Phoist, b'in teacht i láthair an ríomhairiú (computerisation). Ba mhór an dúshlán é ach ní raibh an darna suí sa bhuaile ann ach dul i ngleic leis, rud a rinne sí i gcomhar leis na mílte eile fríd an tír ag an am. Déanann sí gáire anois nuair a smaoiníonn sí siar ar rud a mheas sí a bheith dó-dhéanta ag an am.

Creidim gurb é an bhaincéireacht an tríú mór-athrú a tháinig ar Oifig an Phoist ar na mallaibh agus arís b'obair dhochraideach a bhí i gceist mar chuir sé go mór le hualach na hoibre agus ualach na freagrachta. Ach arís ghlac sí leis an dúshlán agus fuair sí an lámh in uachtar air agus d'oibrigh sí léi go dtí gur éirigh sí as ar an 23 Márta, 2016.

Ghnóthaigh sí muinín an phobail le linn a saol oibre dé bharr a discréide (discretion) agus leoga bhí iontas ar go leor acu nuair a chuala siad an scéal go raibh sí ag éirí as a post. Guíonn muid gach rath uirthi sa todhchaí agus tá mé cinnte go bhfeice muid í ar chúl an chuntair ó am go ham amach anseo, ag cuidiú leis an Mháistreás Poist úr, bean chumasach, siosmaideach eile, Áine Nic Giolla Bhríde. Glacann muid an deis seo chun tréaslú le hÁine fosta agus guíonn muid gach rath ar a cuid oibre in Oifig Poist na nDúnaibh.



# An Chearc Ghoir



Ce


Ceann de na héanlaith ba thábhachtaí a bhí ar an fheirm riamh ná an Chearc Ghoir . Gan mhoill i ndiaidh Oíche Fhéile Bríde thosódh na cearca ag breith a gcuid uibheacha agus bhí seo an-tábhachtach ar fad mar go raibh an ubh ar chuid den bhia ba choitianta a cuireadh ar thábla an fheirmeora riamh. Dá mbeadh na cearca ag breith go maith bheadh uibheacha le spáráil agus chruinneodh bean an tí iad suas agus bhéaradh sí iad léi go dtí an siopa agus dhíoladh sí iad. Nuair a gheobhadh sí díolta fá choinne na n-uibheacha bheadh sí ábalta gnéithe eile a cheannacht don teach ansin. Taispeánann seo an tábhacht a bhain leis an chearc agus a cuid uibheacha.


Le bheith cinnte go dtarlódh seo achan bhliain ghlacfadh cearc ghoir a bheith agat agus seo an tábhacht a bhí ag baint leis an chearc ghoir. Mar a dúirt me, thart fá Oíche Fhéile Bríde tosaíonn na cearca ag breith a gcuid uibheacha agus sin an t-am a théann an chearc ar goir. Bheadh fhios agat go raibh an chearc ag dul ar goir mar go dtiocfadh athrú ar a glór agus bheadh a cuid cleiteacha ina seasamh amach uirthi agus ní bheadh sí ag amharc go rómhaith. Nuair a tharlódh sin, bheadh ort na huibheacha a chruinniú le cur síos faoin chearc ghoir. B'fhéidir go mbeadh na cearca ag breith amuigh fá na claíocha, nó fá thor aitinn dá mbeadh ceann ag fás thart fán áit.

Dá dtarlódh sin, bheadh ort í gcónaí súil a choinneáil amach le feiceáil cá raibh siad ag breith, agus fosta bheadh ort éisteacht go cúramach go gcluinfeadh iad ag scolgnach, agus bheadh ort imeacht ansin go bhfeicfeá cá raibh siad agus ar an dóigh seo gheobhfá an nead ansin.

Chruinneodh bean an tí dosaen uibheacha úra ansin, agus nuair a bheadh bean an tí sásta go raibh an chearc ghoir ar goir i gceart, dhéanfadh sí nead réidh don chearc agus chuirfeadh sí dosaen uibheacha faoin chearc ghoir, agus chuirfeadh sí an chearc ghoir ina luí ar na huibheacha ansin.

Bheadh an nead seo tógtha istigh sa scioból nó i dteach beag eile, ar shiúl ó na cearca eile, sa dóigh is nach mbeadh na cearca eile ag cur isteach uirthi agus go mbeadh suaimhneas aici luí sa nead. Bheadh ar bhean an tí súil mhaith a choinneáil ar an chearc ghoir ar dtús báire, ar eagla go n-éireodh sí de na h-uibheacha. Ní rómhinic a tharlódh seo, ach dá ndéanfadh sí seo bheadh aici le cearc eile a fháil go gasta chun cinnte a dhéanamh nach rachadh na huibheacha amú nuair a rachadh siad fuar. Dá mbeadh an t-ádh uirthi, bhféidir go mbeadh cearc ghoir eile aici fan teach ach muna mbeadh, chuirfí an scéal amach faoi na chomharsana go éirigh an chearc de na h-uibheacha uirthi. An chuid is mó den am bheadh cearc ghoir le fáil agus bheadh na h-uibheacha sábháilte Nuair a bheadh bean a' tí ag tabhairt a gcuid do na cearca sa tráthnóna, thógfadh sí an chearc ón nead agus dhéanfadh sí cinnte go gcoinneodh sí an chearc ghoir ar shiúl óna cearca eile.





. Nuair a bheadh bean a' tí ag tabhairt a gcuid do na cearca sa tráthnóna, thógfadh sí an chearc ón nead agus dhéanfadh sí cinnte go gcoinneodh sí an chearc ghoir ar shiúl óna cearca eile. Dhéanfadh sí seo le bheith cinnte go mbeadh go leor le h-ithe aici agus go mbeadh go leor le h-ól aici fosta mar go mbeadh tart mór ar an chearc de thairbhe í a bheith ina luí istigh sa teas lá agus oíche. Bheadh bean a' tí i gcónaí ag coinneáil súil le bheith cinnte nach mbeadh an chearc ghoir imithe ón nead rófhada, nó dá mbeadh, chuirfeadh sí an tóir ar an chearc ar ais go dtí a nead leis na h-uibheacha a choinneáil te.

Nuair a bheadh na h-uibheacha ar an nead bheadh sé an-tábhachtach ar fad go mbeadh an teas roinnte go cothrom thart ar na h-uibheacha uilig. Le bheith cinnte go mbeadh seo ag tarlú, chaithfeadh na h-uibheacha a bheith tiontaithe achan lá. "An rud is annamh is iontaí," agus an rud iontach faoi seo ná go raibh an chearc ghoir ábalta a cuid uibheacha fhéin a thiontú thart achan lá.


Rud eile iontach ná, nuair a bheadh an chearc ghoir ina luí ar na huibheacha thart fa dhá lá dhéag, dhéanfadh bean a' tí scrúdú ar na h-uibheacha. Bheadh sí ábalta insint an raibh éanacha sna h-uibheacha nó nach raibh.

Bhí seo iontach suimiúil ar fad agus chuirfeadh sé iontas an domhain ort an dóigh a thiocfadh



léi seo a dhéanamh. Tá a fhios agam go bhfuil seo fíor ná gur mhinic uair a chonaic mise mo mháthair ag déanamh seo nuair a bhí muid uilig óg agus sceitimíní áthais orainn nuair a bheadh seo ag tarlú. An dóigh a dhéanfadh sí seo ná nuair a bheadh an chearc ghoir imithe ón nead ag ithe a cuid sa tráthnóna, rachadh sí isteach ag an nead agus thógfadh sí na h-uibheacha ón nead. Bheadh sí an-chúramach ar fad sa dóigh is nach gcrothnódh sí na h-uibheacha. Ansin bhéarfadh sí na h-uibheacha isteach go dtí an chistin agus ghe-obhadh sí scála uisce. Chuirfeadh sí na h-uibheacha isteach sa scála uisce ansin. Bheadh achan duine sa teach ina suí thart fan scála uisce ansin ag coinneáil súil ghéar go bhfeicfeadh muid an mbeadh ubh ar bith ag bogadh sa scála uisce. Nuair a bhogfadh ubh sa scála thógfadh sí an ubh sin amach agus thriomódh sí í agus arís bheadh sí an-chúramach ar fad gan an ubh a chroitheadh. Leanadh sí ar aghaidh le seo go dtí go mbeadh na h-uibheacha uilig tógtha amach agus iad triomaithe aici.


Ní ghlacfadh seo rófhada le déanamh. Ansin chuirfeadh sí na huibheacha ar ais ar a nead sula dtiocfadh an chearc ar ais i ndiaidh a cuid a ithe. Corruair bhféidir go mbeadh ubh nó beirt nach mbeadh bogadh ar bith iontu ,dá dtarlódh seo chuirfeadh sí marc beag ar na huibheacha sin su-la gcuirfeadh sí iad ar ais ar a nead. Dhá lá i ndiaidh sin thógfadh sí ubh ar bith ar chuir sí marc orthu agus bhéarfadh sí isteach iad arís .Gheobhadh sí scála uisce arís agus chuirfeadh sí an dá ubh isteach sa scála agus arís bheadh sí ag coinneáil súil ghéar go bhfeicfeadh sí an mbeadh bogadh ar bith ó na h-uibheacha an uair seo. Dá gcroitheadh ubh an uair seo bheadh sí an- sásta ar fad ach muna mbeadh bogadh ar bith an uair seo dhéanfadh ar shiúl leis an ubh sin mar nach mbeadh éan ar bith san ubh, mar go mbeadh sí olc. Thart fá trí seachtaine a ghlacfadh an chearc luí ar na huibheacha go dtí go mbeadh ná h-éin réidh le teacht amach. Nuair a bheadh an chearc amuigh ag ithe a cuid, chuirfeadh sé iontas an domhain ort dá mbeadh an t-ádh ort a



bheith ansin nuair a bheadh an t-éan beag ag piocadh agus ag piocadh go dtí go mbrisfeadh sí an bhlaosc agus a bheith ábalta theacht amach as an ubh. Leanadh seo ar aghaidh go dtí go mbeadh na héin uilig amuigh as na h-uibheacha. Bheadh bean a' tí an- sásta dá mbeadh níos mó cearca ná coiligh ann. Cibé ar bith bheadh uirthi glacadh le cibé a bhí istigh sna huibheacha. I gceann seachtaine nó mar sinn ligfí an chearc ghoir agus a cuid éin amach fá choinne an chead uair dá mbeadh an aimsir go measartha maith. Dá bhfeicfeá an dóigh a thabharfadh an chearc ghoir aire do na héin bheaga, bhí sé iontach ar fad. Dá dtiocfadh cearc eile ar bith cóngarach do na h-éin chuirfeadh sí an ruaig orthu go han-tapaigh agus cha dtiocfadh siad ar ais a gcóir níos mó. Bheadh sé doiligh don chearc ghoir iad a choinneáil slán ó achan namhaid mar go raibh go leor namhad acu. Bhí sé doiligh iad a choinneáil slán ón chat go h-áirithe cat fiáin, mar go raibh siadsan maith ag seilg. Bhí éan amháin sa spéir agus chuirfeadh sí eagla tréan ar an chearc ghoir agus sílim fhéin go raibh eagla ar na cearca uilig roimh an éan seo mar go gcluinfeá iad ag scairte-adh agus bheadh siad ag rith thart fán áit . An seabhac an t-ainm a bhí ar an éan seo agus dá mbeadh an deis aici ní bheadh sí i bhfad ag sci-obadh éan beag léi. Bheadh an chearc ghoir bhocht faoi bhrú tréan ag iarraidh na h-éin beaga a chruinniú istigh fúithi agus iad a choinneáil sábháilte fhad is a bheadh an seabhac thart, agus leora bheadh sin minic go leor. Bhíodh an chearc ghoir in a máthair mhaith, mar go mbeadh sí i gcónaí ag taispeáint do na h-éin bheaga cén dóigh le scríobadh agus le cuiteogaí a chuartú, nó rud ar bith eile a thiocfadh leofa ithe. Thaispeáin sí dóibh fosta an dóigh le huisce a fháil le hól.

Dhéanfadh bean a' tí cinnte nuair a bheadh sí ag tabhairt a gcuid do na cearca go mbeadh go leor le hithe ag na h-éin fosta.

Cha bheadh siad i bhfad ag fás suas ansin agus ní bheadh siad ag brath ar an chearc ghoir ó sin amach agus bheadh siad fhéin ábalta dul ar aghaidh ansin. Idir cúig agus sé mhí, thosódh na h-éin a fuair aire mhaith ag breith agus bheadh bean a' tí an- bhródúil ar fad agus í a bheith ábal-ta rá lena comharsana gur thosaigh a cuid eir-eogaí ag breith. Eireog an t-ainm atá ar chearc óg. Bheadh bean a' tí an-sásta ansin mar go raibh an ciorcal déanta, go mbeadh go leor uibheacha fan teach agus go mbeadh roinnt le díol aici fosta ar an bhliain 'na dhiaidh sin. Agus sin ráite, is é an rud is tábhachtaí ná go mbeadh cearc ghoir nó beirt aici fan teach nuair a thi-ocfadh tús an Earraigh arís. Sin deireadh m'aiste, tá súil agam gur bhain tú sult as an chur síos atá déanta agam fan chearc ghoir, agus má tá bréag ann bí-odh - ní mise a chum ná a cheap é.



Seosamh Ó Cuilinn

**Is olc an chearc nach scríobann di féin.**

**Is trom cearc i bhfad.**

**Is maith an chearc nach mbeireann amuigh**

**Glaonn gach coileach go dána ar a charn aoiligh fhéin.**

**Chomh teolaí le hubh i dtóin circe !**

# Peadar Ó Sibhleáin.
# ( Peter Stephen).



Nuair a fuair Peter Stephen bás traidhfil seachtainí ó shin mhothaigh an pobal go raibh cara mór dá gcuid caillte agus b'fhíor sin.

Bhí tórramh Pheter ar cheann de na tórraimheacha ba mhó a chonacthas sa pharóiste seo ariamh agus chan iontas ar bith sin. Bhí aithne mhór air i gcéin is i gcóngar agus nuair a chasfaí ort é bhí an chosúlacht air go raibh neart ama i gcónaí aige le dhul i mbun comhrá. Bhí sé lán seanchais agus comhrá, lán grinn agus diabhlaíochta. Cuideachta iontach a bhí ann.

Chan duine a bhí ann a chaith a chuid ama ag gearán faoi chúrsaí an tsaoil, b'fhearr leis i bhfad a bheith i mbun cleasaíochta agus ag cur ceann trasna ort agus nach aige a bhí an gáire ard croíúil. Ba Ghaeilgeoir den scoth a bhí ann agus cha raibh a shárú le fáil nuair a bhí craiceann le cur ar scéal, go díreach mar bhí a athair roimhe.

Rugadh Peter i Ros na Binne sa bhliain 1933 agus ba ansin a chaith sé a shaol, sa teach céanna inár rugadh é. Bhí sé ar an duine ab óige d'ochtar clainne a bhí ag a mháthair Máire agus a athair Stephen. Chaith sé tréimhse i Scoil Cheann 'a Leargaí go dtí gur druideadh í agus ansin d'aistrigh sé go Scoil Mhíobhaigh. Nuair a bhí sé seacht mbliana déag glacadh isteach i mbádchlós Mhíobhaigh é mar phrintíseach, ba seo sa bhliain 1950. Seacht scilling déag agus sé pingne a bhí aige mar phrintíseach agus ansin nuair a cháiligh sé mar shaor báid bhí sé ag saothrú £7 sa tseachtain. Trí bliana déag a chaith sé sa bhádchlós. Dúirt sé go raibh a chroí istigh sa tslí beatha a roghnaigh sé agus bhí a shliocht air mar gur fhág sé lorg a láimhe ar os cionn fiche 'half-decker' a thóg sé ag a bhádchlós fhéin, bádaí a rinne iascaireacht amach as achan phort agus achan oileán ar chósta Dhún na nGall. Bhí sé thar a bheith bródúil as a chuid oibre.
Bhí dúil mhór aige fhéin san iascaireacht fosta agus sular thóg sé bád do fhéin ba ghnách leis a bheith ag iascaireacht bradán le fear céile a dheirfiúr, sin Charlie Bán.
Sárpheileadóir a bhí in Peter fosta agus d'imir sé agus bhí sé mar chaiftín ar fhoireann na nDúnaibh ón bhliain 1955 go dtí 1962 agus le linn na mblianta sin, i 1957 bhain na Dúnaibh craobh shóisir an Chontae. Agus nuair a nascadh le chéile na Dúnaibh, an Craoslach agus Dún Fionnachaidh mar Sheephaven Harps d'imir sé dóibhsean fosta agus d'imir siad i gcraobh Shinsir an Chontae ar feadh roinnt blianta.

Pósadh Peter ar Mháire Ní Laighnigh as Umlach ar an tríú lá d'Aibreán 1961 agus thóg siad an chloigeann déag de chlann: Micheál, Máire, Aifric, Dónal, Stephen, Nancy, an cúpla Cáitríona agus Gráinne, Olivia, Noelle agus Peter Martin ach ar an drochuair fuair Peter Martin bás ina leanbh óg.

Bhain sé sásamh mór as an tsaol, as a chuid oibre, a chuid peile, a chlann, a gharpháistí agus a shaol sóisialta. Is cinnte go ndéanfaidh muid uilig é a chrothnú go mór.
Ar dheaslámh Dé go raibh d'anam uasal Gaelach.

